Beartas um Limistéir Seirbhíse a chur ar fáil ar Mhótarbhealaí agus ar Dhébhealaí ar Ardchaighdeán

Deireadh Fómhair, 2007

1. Réamhrá.

Chun críche an ráitis seo, is féidir limistéar seirbhíse a shainmhíniú mar shaoráid d'úsáideoirí bóthair ina mbíonn stáisiún breosla, de ghnáth, mar aon le siopa, bialann/ionad bia, leithreas, láthair picnicí, ionad pairceála fairsing agus limistéar forfheidhmithe an Gharda Síochána.

2. Cúlra.

I 2005, d'iarr an tAire Iompair ar an Údarás athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas i ndáil le limistéir seirbhíse a chur ar fáil ar stráicí de mhótarbhealaí agus de dhébhealaí ar ardchaighdeán, bealaí ar chuid den ghréasán de bhóithre náisiúnta iad. Mar thoradh ar an athbhreithniú sin, d'fhógair an tÚdarás straitéis chun limistéir seirbhíse a chur ar fáil gach 50-60 km, nuair is féidir/indéanta, le sraith de shaoráidí lonnaithe ar-líne agus as-líne, i.e. ag acomhail nó i ngaireacht dóibh.

Tugadh an beartas cothrom le dáta agus rinneadh é a fhorlíonadh i Meán Fómhair, 2006, nuair a d'fhógair an tÚdarás straitéis leasaithe, straitéis ina mbeadh an tÚdarás bainteach, go díreach, le saoráidí a áirithiú do limistéir seirbhíse ar-líne trí phróiseas tairisceana oscailte, iomaíoch agus úsáid á baint as mheicníocht na gComhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha (PPP). Mar chuid de na socruithe sin, gnóthóidh an tÚdarás na tailte a bheidh riachtanach agus déanfar iarracht ceaduithe reachtúla iomchuí a fháil.

3. Straitéis chun Limistéir Seirbhíse a chur ar fáil.

Foilsíodh léarscáil de na suímh ina bhfuil sé beartaithe na saoráidí do limistéir seirbhíse a bheith, suímh a bhfuil tosaíocht faighte acu, agus a bheidh le cur ar fáil ar na mórbhealaí idir-uirbeacha, ar aon am le fógra an Údaráis i Meán Fómhair, 2006, maidir leis an gcinneadh limistéir seirbhíse ar-líne a áirithiú go díreach, le meicníocht PPP. Tá cóip den léarscáil sin faoi iamh mar Aguisín. Tá an tÚdarás ag feidhmiú go gníomhach agus an straitéis sin á forchéimniú agus tá obair ar bun, i láthair na huaire, chun suímh a fháil do limistéir seirbhíse ar an M1 agus ar an M4. Déanfar forchéimniú ar an obair sin, sna míonna atá rómhainn, i gcás mórbhealaí idir-uirbeacha eile (an N6, N7, N8 agus N9) chomh maith leis na bealaí eile a aithnítear ar an léarscáil. Tacóidh beartas cuí comharthaí leis an straitéis maidir le limistéir seirbhíse ar-líne a chur ar fáil, beartas a chuireann suíomh na saoráidí lena mbaineann in iúl d'úsáideoirí bóthair.

Beidh moltaí a chuir páirtithe leasmhara forbartha na hearnála príobháidí chun cinn maidir le saoráidí do limistéir seibhíse as-líne, faoi réir ag gnáthcheanglais pleanála agus ag gnáth nósanna imeachta pleanála. Maidir le moltaí den sórt sin, ní bheidh mar fheidhm ag an Údarás, go ginearálta, ach na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil le hoibríocht, le hacmhainn agus le slándáil na mbóithre náisiúnta lena mbaineann a bhreithniú trí mholtaí a fhógraíonn údaráis phleanála don Údarás a scrúdú agus é ag feidhmiú mar chomhairlí reachtúil faoi reachtaíocht pleanála.

Aguisín

LIMISTÉIR SEIRBHÍSE ATÁ MOLTA DO MHÓTARBHEALAÍ AGUS DO DHÉBHEALAÍ



NRA National Roads Authority
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta

EOCHAIR

Limistéir Seirbhíse